### Cáin Fáltas Caipitiúil

# Treoir maidir leis an gCánachas CFC ar Fháltais faighte ag Leanaí óna dTuismitheoirí dá dTacaíocht, dá gCothabháil nó dá nOideachas.

#### [Alt 82 den Acht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003 arna leasú le hAlt 81 den Acht Airgeadais, 2014]

#### 1. Cúlra

#### 1.1 Tairseach Saoil Saor ó Cháin Thuismitheoir go Leanbh.

Is éard is Cáin Fáltas Caipitiúil (CFC) ann ná cáin a ghearrann muirear ar dhaoine aonair a fhaigheann bronntanais agus oidhreachtaí sa chás go sáraíonn luach na mbronntanas agus na n-oidhreachtaí tairseach saoil saor ó cháin an duine aonair sin. Amhail an agus ón 2 Deireadh Fómhair 2024, tá leanbh i dteideal tairseach saoil saor ó cháin €400,000 maidir le bronntanais agus oidhreachtaí a thógtar óna t(h)uismitheoirí. Sa chás gur mó comhiomlán na mbronntanas agus na n-oidhreachtaí a fhaigheann leanbh ó thuismitheoir ná €400,000, ní ghearrtar cáin ach ar an mbarrachas.

#### 1.2 Díolúine i leith Bronntanais Bheaga.

Chomh maith leis an tairseach saor ó cháin €400,000 seo, tá an chéad €3,000 de bhronntanais do leanbh in aon bhliain díolmhaithe ó CFC faoin díolúine bhliantúil do bhronntanais bheaga. Ciallaíonn sé seo bhféadann gach tuismitheoir bronntanas ar luach €3,000 a thabhairt do leanbh (nó d'aon duine eile) gach bliain féilire gan aon mhuirear CFC a bheith ag teacht chun cinn. Féadann beirt tuismitheoirí bronntanais ar luach €6,000 a thabhairt do leanbh in aon bhliain saor ó CFC. Go deimhin, d'fhéadfadh beirt tuismitheoirí, dá mba mhian leo, €12,000 san iomlán a bhronnadh gach bliain ar gach mac nó iníon agus ar a bpáirtnéir faoi seach (m.sh. fear / bean geallta, iníon céile, mac céile) saor ó CFC.

Níl aon oibleagáid ar thairbhí bronntanais é a chaitheamh sa bhliain a fhaightear é. Féadann an leanbh bronntanais a charnadh tar éis iad a fháil chun freastal ar chaiteachas amach anseo m.sh. chun éarlais a íoc ar theach.

Ní laghdaíonn bronntanais a cháilíonn don díolúine ó bhronntanais bheaga an tairseach €400,000 saor ó cháin ó thuismitheoir go leanbh – laghdaíonn bronntanais os cionn na díolúine ó bhronntanais bheaga an tairseach tar éis an díolúine a chur san áireamh.

	Bronntanas	Díolúine i leith Bronntanais Bheaga	Saor ó cháin Tairseach [400,000]	Muirear CFC
Bliain 1 Íocann tuismitheoir as saoire do leanbh ar chostas €5,000	€5,000	(lúide 3,000 díolmhaithe)	Laghdaíodh an Tairseach Saor ó Cháin faoi €2,000 go €398,000	Nialasach – i mBliain 1
Bliain 2 Tugann tuismitheoir bronntanas €20,000 do pháiste chun carr a cheannach	€20,000	(lúide 3,000 díolmhaithe)	Laghdaíodh an Tairseach Saor ó Cháin faoi €17,000 go €381,000	Nialasach – i mBliain 2
Bliain 3 Tugann tuismitheoir bronntanas €100,000 do pháiste mar éarlais ar theach	€100,000	(lúide 3,000 díolmhaithe)	Laghdaíodh an Tairseach Saor ó Cháin faoi €97,000 go €284,000	Nialasach – i mBliain 3
Bliain 4 Tugann tuismitheoir bronntanas €30,000 do leanbh chun carr a athsholáthar	€30,000	(lúide 3,000 díolmhaithe)	Laghdaíodh an Tairseach Saor ó Cháin faoi €27,000 go €257,000	NIALAS – i mBliain 4
Bliain 5 Tugann tuismitheoir bronntanas árasáin ar luach €300,000 do leanbh	€300,000	(lúide 3,000 díolmhaithe)	Tairseach Saor ó Cháin laghdaithe go NIALAS	€13,200* i mBliain 5 (m.sh. €40,000 @33%)

#### \*Ríomhtar Muirear CFC ar bhronntanais iomlána €455,000 sa sampla thuas mar seo a leanas:

Bronntanais Iomlána	€455000
Lúide Díolúine do Bhronntanas Beag €3000 x 5 bliana	€15000
Bronntanais Incháinithe iomlán	€440000
Lúide Tairseach Saor ó Cháin	<u>€400000</u>
CFC Inmhuirir ar	€40000
Muirear CFC €40,000 @33% =	€13200

#### Sampla 2. Díolúine do Bhronntanais Bheaga

Bronnann an **bheirt tuismitheoirí** €3,000 dá leanbh gach bliain ar feadh 10 mbliana, rud a choigiltíonn an leanbh. Is ionann sin agus €60,000 tar éis 10 mbliana. Is féidir an tsuim seo a úsáid mar is mian leis an leanbh agus níl sé faoi réir CFC – toisc nach sáraítear an díolúine bhliantúil €3,000 do bhronntanais bheaga ó gach tuismitheoir do gach ceann de na 10 mbliana.

Ina theannta sin, caomhnaítear an tairseach saoil saor ó cháin €400,000 slán lena húsáid i gcoinne bronntanais nó oidhreachtaí níos mó.

## 2. Díolúine i leith íocaíochtaí le haghaidh tacaíochta, cothabhála agus oideachais (post roimh an Acht Airgeadais, 2014)

- 2.1 Faoi alt 82(2) díolmhaítear ó CATCA airgead CFC nó luach airgid a thugann pearsa aonair ("an diúscróir") le linn a shaoil chun tacaíocht, cothabháil nó oideachas a leanaí nó a cuid leanaí, leanaí ag a pháirtnéir sibhialta nó ag duine a bhfuil sé nó sí in loco parentis i ndáil leis nó léi, chomh maith le híocaíochtaí chun tacú le gaol cleithiúnach nó chun é nó í a chothabháil faoi alt 466, den ACC, 1997.
- 2.2 Chun cáiliú don díolúine, ní mór soláthar na tacaíochta, na cothabhála nó an oideachais a bheith –

(i) Mar chuid den ghnáthchaiteachas an duine le cúinsí an diúscróra, agus

(ii) A bheith réasúnta i ndáil le cúinsí airgeadais an diúscróra.

2.3 Is é dearcadh na gCoimisinéirí Ioncaim go dtagraíonn "gnáth" sa chomhthéacs seo do nádúr an chaiteachais seachas an méid agus go gciallaíonn sé caiteachas a d'fhéadfadh duine a thabhú de ghnáth i gcúinsí an diúscróra.

Mar shampla, is gnách go n-íocfaí táillí agus costais chóiríochta do leanbh cleithiúnach a fhreastalaíonn ar an gcoláiste agus bheadh sé díolmhaithe ó cháin bhronntanais – cé nach dtabhódh gach tuismitheoir na costais sin. Ar an láimh eile, ní mheasfaí gur cuid de "ghnáth" chaiteachas diúscróra é teach a cheannach do leanbh, beag beann ar acmhainn airgeadais an diúscróra agus ní bheadhsé díolmhaithe ó cháin bhronntanais.

- 2.4 Ní mór "Réasúnta" a mheas faoi threoir imthosca airgeadais an diúscróra. Cuireann an ceanglas seo cosc ar dhiúscróir, mar shampla, íocaíochtaí a dhéanamh atá díréireach nuair a bhreathnaítear orthu i bhfianaise acmhainní an diúscróra. Mar sin féin, ní leagann sé, ann féin, uasteorainn ghinearálta síos ar luach an méid is féidir a sholáthar mar chothabháil nó trí thacaíocht.
- 2.5 Is é an léirmhíniú atá ag na Coimisinéirí Ioncaim le fada ar an díolúine dá bhforáiltear le hAlt 82(2) CATCA 2003 ná nach gclúdaíonn sé gach íocaíocht a dhéanann tuismitheoir le leanbh d'ainneoin go bhféadfadh íocaíochtaí den sórt sin na tástálacha "gnáth" agus "réasúnta" atá leagtha amach sna míreanna sin roimhe seo a chomhlíonadh. Ní bhaineann an díolúine ach le soláthar tacaíochta, cothabhála nó oideachais. Ciallaíonn sé seo go bhfuil ar a laghad leibhéal éigin de spleáchas airgeadais ar thaobh an linbh. Ní ghlacann na Coimisinéirí Ioncaim leis gur féidir le bronntanais do leanbh atá neamhspleách ó thaobh airgeadais de teacht faoi théarmaí na díolúine. Ní ghlacann sé ach an oiread go bhfuil bronntanais de chineál caipitiúil do leanbh díolmhaithe ó cháin bhronntanais faoin alt seo.

#### 3. An tAcht Airgeadais 2014 athruithe ar Alt 82 CATCA 2003.

- 3.1 Leasaíonn Alt 81 den Acht Airgeadais 2014 Alt 82(2) CATCA 2003 chun an díolúine a theorannú do sholáthar tacaíochta, cothabhála nó oideachais, le linn shaolré an diúscróra
  - do leanbh mionaoiseach de chuid an diúscróra nó páirtnéir sibhialta an diúscróra nó,
  - le leanbh leis an diúscróir, nó le páirtnéir sibhialta an diúscróra, atá os cionn 18 mbliana d'aois ach nach bhfuil níos mó ná 25 bliana d'aois agus atá ag fáil oideachais nó teagaisc lánaimseartha in aon ollscoil, coláiste, scoil nó foras oideachais eile, nó
  - leanbh leis an diúscróir nó le páirtnéir sibhialta an diúscróra atá, beag beann ar aois, buanéagumasaithe mar gheall ar éiglíocht choirp nó mheabhrach é féin nó í féin a chothabháil.
- 3.2 Leasaíonn Alt 81 den Acht Airgeadais 2014 freisin an díolúine in Alt 82(4) CATCA 2003 a bhí i bhfeidhm roimhe seo maidir le híocaíochtaí 'gnáth' agus 'réasúnta' le haghaidh tacaíochta, cothabhála, nó oideachais do leanaí mionaoiseacha dílleachtaí. Tá an díolúine seo ar fáil anois do leanaí nach bhfuil níos sine ná 25 bliana d'aois atá in oideachas lánaimseartha agus do leanaí d'aois ar bith atá faoi éagumas buan mar gheall ar éiglíocht choirp nó mheabhrach iad féin a chothabháil.
- 3.3 Chun críocha Alt 82(2) leasaithe CATCA 2003, folaíonn fáil oideachas nó teagasc lánaimseartha dul faoi oiliúint le haghaidh aon cheird nó gairme in imthosca den sórt sin go gceanglaítear ar an leanbh a chuid ama ar fad a chaitheamh ar oiliúint den sórt sin le haghaidh tréimhse nach lú ná 2 bhliain.

#### 4. Bronntanais laistigh de raon feidhme na cánach bronntanais

- 4.1 I measc na mbronntanas laistigh de raon feidhme na cánach bronntanais tá bronntanais airgid, sócmhainní a bhfuil luach athdhíola acu agus úsáid sócmhainní saor in aisce nó ar mhuirear atá níos lú ná an méid a d'fhéadfadh an diúscróir a fháil ar an margadh oscailte.
- 4.2 Samplaí de Bhronntanais / Íocaíochtaí / Sochair Neamhdhíolmhaithe

#### Ceannach Tí

Ní mheasfaí gur cuid de "ghnáth" chaiteachas diúscróra teach a cheannach ag tuismitheoir do leanbh, beag beann ar acmhainn airgeadais an diúscróra agus ní bheadh sé díolmhaithe faoi Alt 82 CATCA 2003 ná faoi aon fhoráil eile.

#### Saorúsáid Tí

Ceannaíonn tuismitheoir teach ar €1 milliún agus tugann sé deis dá iníon atá 30 bliain d'aois an teach a úsáid saor in aisce ar feadh tréimhse éiginnte. Is é €36,000 luach cíosa bliantúil an tí. Is ionann saorúsáid an tí agus bronntanas atá cothrom leis an luach cíosa bliantúil gach bliain (lúide an díolúine bhliantúil do bhronntanas beag €3,000). Má tá saorúsáid an tí ag beirt nó níos mó de pháistí an tuismitheora, roinntear luach an bhronntanais.

Má fuair an leanbh an teach le hoidhreacht ar deireadh, d'fhéadfadh an oidhreacht sin a bheith incháilithe le haghaidh díolúine ó CFC faoin díolúine phríomháit chónaithe phríobháideach in Alt 86 CATCA 2003 a luaithe a chomhlíonfaí na coinníollacha a rialaíonn an faoiseamh.

#### Taisce Bronntanas Tí

Tá Bronntanas éarlaise do leanbh do theach os cionn na díolúine bliantúla do bhronntanais bheaga €3,000 faoi réir CFC.

#### **Bronntanais Airgid**

Tá bronntanais airgid os cionn na díolúine bliantúla do bhronntanais bheaga €3,000 faoi réir CFC.

#### 5 Samplaí de Bhronntanais / Íocaíochtaí / Sochair atá Díolmhaithe

Seo a leanas samplaí de bhronntanais / íocaíochtaí / sochair atá díolmhaithe ó CFC:

#### Áitiú Teach an Teaghlaigh ag Leanbh

Áitiú neamh-eisiatach áras an teaghlaigh ag ball teaghlaigh linbh (lena n-áirítear céile / páirtnéir an linbh nuair is cuí). Is é dearcadh na gCoimisinéirí loncaim ná nach dtugann úinéir na maoine bronntanas don bhall teaghlaigh dá bharr. Dá bhrí sin, i gcomhréir le cur chuige fadbhunaithe na gCoimisinéirí loncaim, níl aon cheist ann maidir le hiarracht a dhéanamh luach a lua le "leaba agus bord" a chuireann úinéir an tí ar fáil do leanbh (lena n-áirítear céile / páirtnéir an linbh sin nuair is cuí) d'aois ar bith.

#### Úsáid Tí saor in aisce ag Leanbh atá ag freastal ar an Ollscoil

Is gnáthfhoráil réasúnta é teach atá faoi úinéireacht tuismitheora atá saor ó chíos a sholáthar do leanbh nach bhfuil níos mó ná 25 bliana d'aois atá ag freastal ar an ollscoil, chun tacú leis an leanbh agus é a chothabháil agus é ar an ollscoil, agus, dá réir sin, tá sé díolmhaithe ó cháin faoi Alt 82 CATCA 2003.

#### Costas na bhFeidhmeanna Teaghlaigh a d'íoc Tuismitheoir as

Na costais a bhaineann le feidhm teaghlaigh ar nós bainise a íocann tuismitheoir as. Tá na Coimisinéirí loncaim den tuairim gurb é seo costas an tuismitheora seachas bronntanas don leanbh. Dá bhrí sin, níl aon impleachtaí cánach bronntanais ann. Ní hamháin go mbaineann sé seo leis an gcostas a bhaineann le freastal ar aíonna ach leis na costais ar fad a bhaineann leis an ócáid.

Mar sin féin, is bronntanas fós é bronntanas amhail carr, teach nó saoire íoctha chun críocha cánach bronntanais, d'ainneoin go bhféadfadh baint a bheith aige le hócáid teaghlaigh ar nós bainise. Sa mhéid nach sáraíonn aon bhronntanais den sórt sin an díolúine bronntanais bhig €3,000 in aon bhliain, níl siad faoi réir CFC.

Íocaíochtaí chun Gnáthchostais Linbh a Bhaineann le Freastal ar an gColáiste a Chlúdach Níl na híocaíochtaí seo a leanas faoi réir CFC faoi Alt 82 den CATCA 2003:

- 1. Suim sheachtainiúil / míosúil airgid a sholáthar do leanbh, nach mó ná 25 bliana d'aois, atá ag freastal ar an gcoláiste chun costais mar chíos, bia, éadaí, ceannach ábhair oideachais agus airgead póca a chlúdach,
- 2. Táillí teagaisc linbh den sórt sin a íoc, agus
- 3. Costais iompair linbh den sórt sin chuig an ollscoil nó chuig an gcoláiste a íoc.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.



Deireadh Fómhair 2024

Deartha ag Ionad Priontála na gCoimisinéirí Ioncaim